C/2026/5414

14.10.2026

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí

(C/2026/5414)

Dírítear aird Malick DIAW (uimhir 1), Ismaël WAGUÉ (uimhir 2), agus Ivan Aleksandrovitch MASLOV (uimhir 6), arb iad na daoine iad a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2017/1775 ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1770 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Mailí.

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine thuasluaite a choinneáil ar bun bunaithe ar ráitis leasaithe ar chúiseanna agus ar bhonn fianaise nua. Leis seo, cuirtear in iúl do na daoine sin go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh siad na ráitis atá beartaithe ar chúiseanna nó fianaise maidir lena n-ainmniú a choimeád, **roimh an 20 Deireadh Fómhair 2026**, ag an seoladh seo:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

---

[1] IO L 251, 29.9.2017, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1775/oj.
[2] IO L 251, 29.9.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1770/oj.